

An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

13852/26

AGRILEG 230
VETER 157
FEED 56

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	29 Meán Fómhair 2026
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear larscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann leis na liostaí de thríú tíortha nó de chodanna díobh atá údaraithe chun ábhar beatha áirithe, ábhar coganta do mhadraí agus bia peataí áirithe a allmhairiú isteach san Aontas agus seachtháirgí ainmhithe áirithe de bhunadh feithidí a onnmhairiú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D118027/1.

Faoi iamh: D118027/1



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, **XXX**
PLAN/495/2026 Rev. 1
(POOL/G2/2026/495/495R1-EN.docx)
D118027/01
[...](2026) **XXX** draft

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an XXX

lena leasaítear Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann leis na liostaí de thríú tíortha nó de chodanna díobh atá údaraithe chun ábhar beatha áirithe, ábhar coganta do mhadraí agus bia peataí áirithe a allmhairiú isteach san Aontas agus seachtháirgí ainmhithe áirithe de bhunadh feithidí a onnmhairiú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

lena leasaítear Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann leis na liostaí de thríú tíortha nó de chodanna díobh atá údaraithe chun ábhar beatha áirithe, ábhar coganta do mhadraí agus bia peataí áirithe a allmhairiú isteach san Aontas agus seachtháirgí ainmhithe áirithe de bhunadh feithidí a onnmhairiú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe)⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 41(3), an chéad fhomhír agus an tríú fhomhír, Airteagal 42(2) agus Airteagal 43(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 leagtar síos rialacha sláinte poiblí agus sláinte ainmhithe maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine, lena n-áirítear rialacha maidir le táirgí den sórt sin a allmhairiú isteach san Aontas agus a bheith ar idirthuras tríd, agus maidir lena n-onnmhairiú ón Aontas.
- (2) Le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ⁽²⁾, leagtar síos rialacha sláinte poiblí agus sláinte ainmhithe maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe arna rialú le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009. Go háirithe, le hIarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 leagtar síos rialacha maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras na dtáirgí sin.
- (3) Tar éis do sheirbhísí an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar iarrataí agus ar an bhfaisnéis ábhartha a chuir údarais inniúla na hÚisbéiceastáine agus Vítneam isteach, tháinig an Coimisiún ar chonclúid theicniúil fhabhrach maidir le hincháilitheacht na dtríú tíortha sin a bheith le háireamh ar na liostaí de thríú tíortha nó de chodanna díobh a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, mar thíortha atá údaraithe chun crústaigh uisceacha áirithe a allmhairiú isteach san Aontas ón Úisbéiceastáin nach bhfuil le húsáid ach mar bhia peataí, nó próitéin

¹ IO L 300, 14.11.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1069/oj>.

² Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samplaí agus ítimí áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/142/oj>).

ainmhíoch phróiseáilte de bhunadh feithidí, saillte leáite de bhunadh feithidí agus bia peataí próiseáilte ina bhfuil próitéin ainmhíoch de bhunadh feithidí a allmhairiú isteach san Aontas ó Vítneam. Dá bhrí sin, ba cheart Tábla 1 i gCaibidil I, Roinn 1 agus Tábla 2 i gCaibidil II, Roinn 1, den Iarscríbhinn sin a leasú dá réir sin.

- (4) Le hAirteagal 43(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 cuirtear toirmeasc ar ábhar de Chatagóir 2 amhail fuíoll feithidí próiseáilte a onnmhairiú ón Aontas, i measc nithe eile, má tá sé beartaithe iad a loscadh nó a chur i líonadh talún. Mar sin féin, féadfar onnmhairiú an ábhair sin de Chatagóir 2 chun críoch eile seachas na críocha sin dá dtagraítear in Airteagal 43(1) agus (2) den Rialachán sin a cheadú, ar choinníoll go mbeidh rialacha maidir leis an onnmhairiú sin leagtha síos i gCaibidil V d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.
- (5) Tar éis iarrataí a fháil ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara chun margú fuíoll feithidí próiseáilte i dtríú tíortha a chumasú, ba cheart na ceanglais maidir le honnmhairiú fuíoll feithidí próiseáilte ón Aontas a leagan síos sa Tábla i gCaibidil V d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. Ar chúiseanna comhréireachta agus simplithe, ba cheart na ceanglais sin a bheith mar an gcéanna leis na coinníollacha caighdeánacha próiseála a bhunaítear maidir le fuíoll feithidí próiseáilte a chur ar an margadh laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart Caibidil V den Iarscríbhinn sin a leasú dá réir sin.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir sin.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN